Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Iúil 2024
(OR. en)

11815/24

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2024/0132(NLE)
2024/0133(NLE)
2024/0139(NLE)

PECHE 271

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | 1. Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach Phrótacal (2024-2029) Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde<br>- Glacadh<br>2. Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, Phrótacal (2024-2029) Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde<br>- Comhaontú i bprionsabal<br>- Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa<br>3. Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta faoin bPrótacal (2024-2029) ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde<br>- Glacadh |

1. Tar éis dó an chaibidlíocht a thabhairt chun críche i mí Aibreáin 2024, ar bhonn sainordú[1] arna thabhairt ag an gComhairle i mí na Nollag 2023, chuir an Coimisiún na tograí thuasluaite[2] faoi bhráid na Comhairle an 6 Meitheamh 2024.

2. Is ar Airteagal 43 agus Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) atá na dréachtchinntí agus an dréachtrialachán bunaithe.

[1] 15480/23 agus 16275/23
[2] 10687/24 + ADD1, 10688/24 + ADD 1, 10689/24

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh na tograí an 10 Meitheamh 2024. Tharraing dhá thoscaireacht saincheisteanna anuas maidir le foráil áirithe i dtéacs an phrótacail féin, agus tharraing toscaireacht amháin aird ar shaincheist bheag eile i dtéacs an phrótacail freisin. Chuir an Danmhairg forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte in iúl, agus tarraingíodh siar é ó shin.

4. D'ullmhaigh an Uachtaránacht téacsanna comhréitigh[3] den dá chinneadh lenar modhnaíodh a mbunús dlí chun tagairt a dhéanamh d'Airteagal 43 CFAE ina iomláine, agus tugadh isteach athrú foclaíochta maidir le síniú an phrótacail agus maidir le fógra a thabhairt faoina thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais. Formheasadh comhréitigh na hUachtaránachta, chomh maith leis an dréachtrialachán, ar leibhéal na Meithle i gcomhairliúchán i scríbhinn dar críoch an 17 Meitheamh 2024. Dúirt ionadaí an Choimisiúin go gcuirfeadh an Coimisiún ráiteas isteach le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle maidir leis an athrú ar an mbunús dlí agus maidir le síniú an phrótacail. Nuair a rinneadh na saincheisteanna a bhaineann le téacs an phrótacail a shoiléiriú leis an gCoimisiún, rinneadh na comhréitigh ón Uachtaránacht i ndáil leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích agus an prótacal féin[4] a fhormheas ar leibhéal na Meithle i gcomhairliúchán eile i scríbhinn a tugadh i gcrích an 25 Meitheamh 2024.

5. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim an 5 Iúil 2024[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle a dhearbhú agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   - an cinneadh maidir le síniú agus le cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe agus an phrótacail, mar a leagtar amach in 11262/24 é, a ghlacadh;
   - an cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe agus an phrótacail, mar a leagtar amach in 11267/24 é, a chomhaontú i bprionsabal, agus a chinneadh é a chur, mar aon le téacs an phrótacail mar a leagtar amach in 11026/24 é, chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil;
   - an rialachán maidir le deiseanna iascaireachta a leithdháileadh faoin bprótacal, mar a leagtar amach in 11268/24 é, a ghlacadh;
   - a chomhaontú na ráitis ón gCoimisiún atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach ina miontuairiscí.

[3] 11181/24 agus 11182/24
[4] 11182/24 agus 10688/24 ADD 1
[5] 12026/24

7. Foilseofar an cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach, téacs an phrótacail agus an rialachán maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta san Iris Oifigiúil. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus seolfar an cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach chuig an bParlaimint.